# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**An Ardteistiméireacht Laidin 2014 Gnáthleibhéal Scéim Mharcála agus Nótaí**

**1. A. [75]**

**Cúig abairt @ 15 mharc an ceann**

Cuirtear an córas pionóis i bhfeidhm mar seo a leanas:

**Mórearráid = -3.** i.e. briathar atá fágtha ar lár, dul cainte nó modh atá mícheart ach gan ach aon bhlocphionós amháin in aghaidh an dula cainte

**Earráid níos lú =-2.** i.e. faí, aimsir, tuiseal atá mícheart, ainmfhocal, aidiacht nó forainm ar lár, *"ut"*, *"ne"*, *"se"*, etc.

**Mionearráid = -1.** i.e. inscne mhícheart, céim aidiachtaí nó dhobhriathra mhícheart, litriú mícheart nó earráid foclóra.

**Nó**

**1. B. [75]**

- (i) Bhí sé i bhfeighil (**3**) na leabharlainne (**3**)
- (ii) Ghoid sé mórán leabhar (**5**); shíl sé go ngearrfaí pionós air (**4**)
- (iii) Go raibh an sclábhaí i gcúige a charad (6)
- (iv) Chonaic Marcus Bolanus é (4) agus chonaic mórán daoine eile é (4)
- (v) Gur lig Cicearó (2) saor é (4)
- (vi) Bheadh sé an-bhuíoch (6)
- (vii) Measann sé nach bhfuil ann ach cailliúint bheag (6)
- (viii) Bhí an-mhuinín aige as Dinísias (8)
- (ix) Cá háit a bhfuil an sclábhaí (4) agus cad is féidir a dhéanamh (4)
- (x) Go ndearnadh (4) gar mór dó (4)
- (xi) Aon chúis bhailí (5)

**2. [130]** Cuir Gaeilge ar dhá cheann ar bith de na sleachta A, B, C, D

- **A.** sic....placat 10/ collectas....reducit 10/ levat....aequor 15/ atque....undas 10/ ac....seditio 12/saevitque.....vulgus 8.
- **B.** venit....solebat 10/ Naides....sit 12/ at....sorores 8/ et....offert 10/ deceptas....herbas 10/ illa....lacrimas 15.
- **C.** Ac....faciebant 10/ parvisque....contendebant 5/ postea....continebant 12/ ubi....inceperunt 12/ sed....viderunt 6/ nova....miserunt 10/ legati....gerere 10.
- **D.** Consul....aciem 6/ aliquamdiu....expectantes 7/ ut....emissum est 11/ inde....pugnatum est 12/ concurrunt....superant 9/ anceps....absumit 9 / nec....successit 11.

3. [90]

A. **(i) [60] Cuir Gaeilge air seo**

Inter....Romanos 9/ nec....cura erat 12/ Et....placebat 6/ nec....cecidissent 11/qui....esse 7/ cum....haberentur 12/ diemque....edixerunt 3.

**(ii) [30] Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna seo a leanas:**

(a) Imp ex 10
(b) 5+5
(c) 5+5
(d) 5+5
(e) (3+2); (3+2)

**3 A. (ii) Nótaí Táscacha**

**N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo**

(a) Treascairt agus bás na Scipios sa bhliain 211; scrios mór arm na Róimhe sa Spáinn.

(b) D'fhág Capua an Róimh agus chuaigh sí leis an gCartaig; dá bhfágfaí an tréigean sin gan phionós, d'fhéadfadh an rud céanna tarlú i gcathracha eile, rud a bhainfeadh an bonn ón Róimh.

(c) Pointí ar bith faoi cheannaireacht Hannabal le sampla ón téacs; clisteacht – ag déanamh iarrachta na Rómhánaigh a chlaonadh ó léigear Capua; easpa sithiúlachta – déanann Livias cur síos ar an dóigh ar lig Hannabal dá raibh i ndán do Capua go héasca.

(d) Livias mar staraí morálta; cuntas rómánsach ba ea an stair ar an tSean-Róimh; ba mhinic a rinneadh cur síos míchruinn ar dhátaí agus ar áiteanna; úsáid neamhchriticiúil as foinsí; sceitsí carachtair den scoth.

(e) **Bua:** cathain a bronnadh é; mórshiúl; bealach; ord na ndaoine ag siúl. **An Seanad:** cuspóir; conas a bunaíodh é; cruinnithe; *curia*. **Ról an aedíligh:** giúistís; feidhm; áit ar *cursus honorum*.
**Publius Scipio**: an dóigh a ndearnadh ceannaire de; a aitheasc glactha; a charachtar; feachtas sa Spáinn.

**3 B**

**(i) [60] Cuir Gaeilge air seo:**

Aeneas....vultu 8/ linquens....secum 8/ cui....figit 8/ multa....serebant 6/ quem....diceret 8/ atque....Aeoliden 13/ quo....cantu 9.

**(ii) [30] Freagair trí cinn de na ceisteanna seo a leanas:**

(a) 5+5
(b) 5+5
(c) Imp ex 10
(d) 5+5
(e) 5+5

**3 B (ii) Nótaí Táscacha**

**N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo**

(a) D'iarr Aeinéas ar an tSibille dul leis go dtí an Domhan Thíos; geallann sí d'Aeinéas go socróidh a bpobal síos san Iodáil tar éis cogadh fada fuilteach; deir sí le hAeinéas an Chraobh Órga a fháil; déanann sí íobairt a ofráil do Hecate; míníonn sí cuid mhór de na hiontais sa Domhan Thíos d'Aeinéas.

(b) Chas Aeinéas ar an bhfarantóir Charon agus ceistíonn sé é maidir leis an gceart atá aige dul trasna na habhann; feiceann sé bád Charon agus bruacha glas le cíb; feiceann sé anamacha ag gabháil isteach i líne feadh an bhruaigh agus iad ag súil leis go n-iompróidh Charon trasna iad

(c) Tagairt d'aon cheann de na sleachta tuairisciúla; samhail ar bith; muinín nua Aeinéas; nochtadh ar rath na Róimhe sa todhchaí.

(d) Chaoin Aeinéas nuair a chonaic sé Díodó; labhair sé go grámhar léi agus d'fhiafraigh sé di conas a bhfuair sí bás; d'fhan sí ina tost agus ní dheachaigh a chuid cainte i bhfeidhm uirthi; d'imigh sí agus d'fhill sí ar a saothraigh Sychaeus.

(e) Pointí bailí ar bith mar aon le sampla ón téacs, fearacht teanga, samhlacha, dráma.

**4. [30]**

(i) 4 ainmfhocal @ 2 mharc an ceann = iomlán **8**
(ii) **(2+1+1)** nó **(2+2)** le haghaidh trí bhriathar = iomlán **12**
(iii) Tuilleann gach troigh atá ceart 2 mharc go **10** ar a mhéad.

**5. [75] Freagair trí cinn de na ceisteanna seo a leanas.**
**Ní mór ceist amháin a roghnú as an dá roinn**
**agus an tríú ceist a roghnú as ceachtar roinn.**

**A.**

(i) Trí phointe **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**
(ii) Trí phointe **(9+8+8)** nó más pointí gairide iad **(5+5+5+5+5)**
(iii) **(7+6)** agus **(6+6)** nó más pointí gairide iad **(4+3+3+3)** agus **(3+3+3+3)**

**Nótaí Táscacha N.B. D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo.**

A.

(i) **Na leasuithe sóisialta a rinne Ágastas**: rinne sé iarracht an pósadh a spreagadh agus an staid gan pháistí a dhíspreagadh; rinne *Lex Julia de adulteriis* coir phoiblí d'adhaltranas lenar bhain pionóis thromchúiseacha; ghearr *Lex Julia de*

*maritandis ordinibus* pionós orthu siúd nach raibh páistí acu, mar shampla teorainn a chur le ceart oidhreachta fir; thugadh an líon páistí a bhíodh ag fear ceart tosaíochta dó nuair a théadh sé i gceann oifige; rath nó teip na mbeart sin.

(ii) **Réimeas an Impire Néaró:** an caidreamh lena mháthair, Agrippina; an tionchar a bhí ag Burras agus ag Seinice air; dúnmharú Agrippina dá chuid; an claonadh a bhí aige dul i mbun aisteoireachta agus taibhithe; tionchar Tigellinus; an tine mhór sa Róimh; an dóigh ar chaith sé le Críostaithe; doghníomh ar bith eile; réimeas an uafáis.

(iii) **Séánas:** maor de chuid an Gharda Phraetóirigh a bhí ann; bhí muinín ag Tibir as; bhí sé ina rialtóir nuair nach raibh Tibir ann; bheartaigh sé in aghaidh Thibir agus a theaghlaigh; fuarthas an fhírinne amach faoi agus daoradh chun báis é. **Domitianus:** tháinig sé i gcomharbacht ar a dheartháir Títeas; tar éis dó na Chatti a chloí ghlac sé an teideal Gearmánacas; chloígh sé Decebalus agus na Dáiciaigh; laghdaigh sé cumhacht an tseanaid; d'ionchúisigh sé Críostaithe; dúnmharaíodh é. **Feachtas Thráian sa Dáicia:** Decebalus a chloí sa chéad chogadh; síocháin a thabhairt i réim; an ceann is fearr ag na Dáiciaigh sa dara cogadh; a mháirseáil go dtí an Trasalváin; gabháil na Dáicia; lonnaíocht na Dáicia. **Galba:** d'fhógair a chuid trúpaí ina impire é; smachtaí an-dian ba ea é; thug sé cúl don drong toisc gur dhiúltaigh sé do mharú Tigellinus; mharaigh a chuid saighdiúirí a bhí i bhfabhar Otho é.

**B.**

(i) Saol **(7+6)** nó más pointí gairide iad **(4+3+3+3)**; scríbhinní **(6+6)** nó más pointí gairide iad **(3+3+3+3)**

(ii) Cur síos **(7+6)** nó **(4+3+3+3)**; Suntasach **(6+6)** nó **(3+3+3+3)**

(iii) Dhá cheann ar bith **(7+6)** nó **(4+3+3+3)**; **(6+6)** nó **(3+3+3+3)**

**Nótaí:**

B.

(i) **Caesar, saol:** comhalta de lucht pháirtí Marian; pósta ar Cornelia (a chéad phósadh); rug foghlaithe mara air; an Chéad Triúracht; feachtais sa Ghaill; cogadh cathartha i gcoinne Phoimpé; mar dheachtóir; an chaoi ar cailleadh é. **Saothar:** roinnt filíochta; *De Bello Gallico*; *Commentarii Belli Civilis*; scríbhneoireacht sa tríú pearsa; stíl scríbhneoireachta, ábhar.

**Óivid, saol:** rugadh é in Sulmo; rinne sé staidéar ar an dlí agus ar an reitric sa Róimh agus san Aithin; theastaigh óna athair go rachadh sé chun oibre mar chléireach; chaith sé a shaol leis an bhfilíocht; bhí sé pósta faoi thrí; bhí iníon amháin aige; díbríodh é go Tomi sa Mhuir Dhubh. **Saothar:** *Metamorphoses*; *Heroides*; *Tristia*; etc.; pointe ar bith ar an stíl, ábhar, etc.

(ii) **Ara Pacis:** altóir lena ngabhann balla ard iata agus dhá bhealach isteach; taispeántar peirspictíocht sna rílifí; an ócáid inar tógadh é; tábhacht pholaitiúil; comhdhéanamh grúpa; carachtair/radhairc ar bith a léirítear; samhail den impire mar *primus inter pares*.

(iii) **Dealbhóireacht phortráide:** tionchar na nGréagach; maisc mhairbh Éatrúscacha; dreach na n-aghaidheanna; réalachas; *gravitas*. **Uiscerianta Rómhánacha:** cuspóir; méid; an córas tógála – sreabhadh a choinneáil, etc.; samplaí. **Áirsí caithréime:** na cúiseanna ar tógadh iad; láithreacha; úsáid; samplaí; dealbhóireacht rilífe; dearadh. **Mósáicí:** le fáil ar urláir, ar bhallaí agus ar chosáin mar fhoirm mharthanach mhaisiúcháin i dtithe, i bhfolcadáin agus i bhfoirgnimh phoiblí, etc.; na teicnící ar baineadh leas astu – *opus sectile*, *opus tesselatum*.